Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education
2014

# Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (Cúrsa Iomlán)

## Aonad 3: Tuiscint ar Chórais TFC atá i nGnáthúsáid an Lae agus na hImpleachtaí atá ann don Duine Aonair, d'Eagraíochtaí, don tSochaí agus don Domhan Mhór

**[GIT31]**

*GIT31*

**DÉ CÉADAOIN 14 BEALTAINE, MAIDIN**

**AM**

2 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Comhlánaigh le dúch gorm nó le dúch dubh amháin. **Ná scríobh le peann luaidhe ná le peann glóthaí.**
Freagair **gach ceann** de na **hocht** gceist **déag**.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é **180** an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceisteanna **3(b)**, **5(b)**, **7(b)**, **8**, **12(d)** agus **14(d)**.

**I gceist 1 cuir an litir chuí sa spás chuige sin**

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

1 **(a)** Cé acu ráiteas atá fíor maidir le slis chárta cliste?

**A** Tá toilleadh stórais níos lú ag slis chárta cliste ná mar atá ag stiall mhaighnéadach agus ní féidir sonraí ar shlis chárta cliste a nuashonrú

**B** Tá toilleadh stórais níos lú ag slis chárta cliste ná mar atá ag stiall mhaighnéadach agus is féidir sonraí ar shlis chárta cliste a nuashonrú

**C** Tá toilleadh stórais níos mó ag slis chárta cliste ná mar atá ag stiall mhaighnéadach agus is féidir sonraí ar shlis chárta cliste a nuashonrú

**D** Tá toilleadh stórais níos mó ag slis chárta cliste ná mar atá ag stiall mhaighnéadach agus ní féidir sonraí ar shlis chárta cliste a nuashonrú

Freagra ___________ [1]

**(b)** Chomh maith le ríomhaire, tá na rudaí seo a leanas de dhíth leis an Idirlíon a rochtain:

**A** Ceamara Gréasáin, Líne Theileachumarsáide, Soláthraí Seirbhísí Idirlín

**B** Soláthraí Seirbhísí Idirlín, Líne Theileachumarsáide, Ródaire

**C** Líne Theileachumarsáide, Ceamara Gréasáin, Ródaire

**D** Líne Theileachumarsáide, Soláthraí Seirbhísí Idirlín, Ríomhphost

Freagra ___________ [1]

**(c)** Cé acu de na cinn seo a leanas nach feidhm de chóras oibriúcháin ríomhaire é:

**A** Cuireann sé comhéadan ar fáil don úsáideoir le hidirghníomhú leis na crua-earraí

**B** Leithdháileann sé CRR (*RAM*) ar chláir agus ar shonraí

**C** Rialaíonn sé gléasanna forimeallacha

**D** Cuireann sé rochtain ar an Idirlíon ar fáil

Freagra ___________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(d)** Roghnaigh an ráiteas a chuireann síos ar an fheidhm atá le digiteoir grafaicí.

**A** Bíonn grafaicí ardcháilíochta á bpriontáil ag digiteoir grafaicí

**B** Nascann an digiteoir grafaicí an monatóir leis an mháthairchlár

**C** Is é an digiteoir grafaicí an príomhchlár ciorcad leictreonach i ríomhaire

**D** Baineann digiteoir grafaicí úsáid as stíleas le sonraí a ionchur

Freagra ____________ [1]

**(e)** Forbair an t-acrainm BUS (*USB*):

**A** Beart Uilíoch Srathach

**B** Beart Uileghabhálach Srathach

**C** Bus Uilíoch Srathach

**D** Bus Uileghabhálach Srathach

Freagra ____________ [1]

**(f)** Roghnaigh an ráiteas atá fíor maidir le teicneolaíocht flaischuimhne.

**A** Níl aon pháirteanna gluaisteacha aici agus ní ídíonn sí ach fíorbheagán cumhachta

**B** Feidhmíonn sí ag úsáid cnogaí léite/scríofa agus úsáidtear í le sonraí a stóráil

**C** Níl aon pháirteanna gluaisteacha aici agus tá soláthar mór cumhachta de dhíth lena feidhmiú

**D** Feidhmíonn sí ag úsáid cnogaí léite/scríofa agus ní ídíonn sí ach fíorbheagán cumhachta

Freagra ____________ [1]

**[Tiontaigh an leathanach**

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(g)** Cé acu de na rudaí seo a leanas ar gnéithe uilig iad de theilifís dhigiteach?

**A** Leibhéil arda trasnaíochta, pictiúr de dhroch-cháilíocht agus níos mó cainéal

**B** Níos lú cainéal, pictiúr d’ardcháilíocht agus trasnaíocht laghdaithe

**C** Eolaire leictreonach clár, níos lú cainéal agus pictiúr d’ardcháilíocht

**D** Níos mó cainéal, eolaire leictreonach clár agus pictiúr d’ardcháilíocht

Freagra ____________ [1]

**(h)** Ciallaíonn iniomparthacht mhaith sonraí:

**A** Go n-úsáideann na sonraí stóráilte fíorbheagán spás stórála

**B** Nach féidir na sonraí a aistriú ó chóras amháin go córas eile

**C** Gur féidir na sonraí a aistriú go furasta ó chóras amháin go córas eile

**D** Go n-úsáideann na sonraí stóráilte a lán spás stórála

Freagra ____________ [1]

**(i)** Roghnaigh an ráiteas atá fíor maidir le cábla snáthoptaice.

**A** Iompraíonn cábla snáthoptaice sonraí i mbíoga solais ach baineann trasnaíocht leis

**B** Iompraíonn cábla snáthoptaice sonraí mar chomharthaí leictreonacha agus ní bhaineann trasnaíocht leis

**C** Iompraíonn cábla snáthoptaice sonraí mar chomharthaí leictreonacha agus baineann trasnaíocht leis

**D** Iompraíonn cábla snáthoptaice sonraí i mbíoga solais agus ní bhaineann trasnaíocht leis

Freagra ____________ [1]

**(j)** Cé acu de na rudaí seo a leanas is fearr a chuireann síos ar íocón nuair atá CGÚ (*GUI*) á úsáid?

**A** Grafaic a ndearnadh bearradh uirthi

**B** Grafaic a léiríonn aicearra chuig clár

**C** Grafaic a chuirtear ar fáil ar roghchlár anuas

**D** Grafaic a chruthaítear nuair a osclaítear clár

Freagra ____________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |
| Iomlán Cheist 1 | |
| | |

[Tiontaigh an leathanach

**2** Anseo thíos tá scarbhileog shimplí a chruthaigh Anna. Tá sí i mbun scoil drámaíochta agus tá sí ag iarraidh a fháil amach cad é an brabús féideartha a bheidh aici bunaithe ar na táillí a ghearrann sí.

| | A | B | C | D | E | F | G | H |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | **Ainm Ceachta** | **Lá na Seachtaine** | **Ionad** | **Líon Daoine** | **Ioncam Iomlán** | **Cíos Ionaid** | **Árachas** | **Brabús** |
| 2 | Filíocht | Dé Luain | Seomra Staidéir | 22 | £ 110.00 | £ 45.00 | £ 22.00 | £ 43.00 |
| 3 | Drámaíocht Aonair | Dé Luain | Stiúideo | 10 | £ 50.00 | £ 45.00 | £ 5.00 | £ 0.00 |
| 4 | SpraoiThoisc-X | Dé Máirt | Halla Mór | 20 | £ 100.00 | £ 60.00 | £ 5.00 | £ 35.00 |
| 5 | DianDamhsa | Déardaoin | Halla Mór | 20 | £ 100.00 | £ 70.00 | £ 5.00 | £ 25.00 |
| 6 | | | | | | | | |
| 7 | | | | | | | Brabús Iomlán | £ 103.00 |
| 8 | | | | | | | | |
| 9 | | Cá mhéad a ghearrfaidh mé? | £ 5.00 | | | | | |

**(a)** Scríobh an fhoirmle a mbeifeá ag dúil lena fáil i gcill H7.

______________________________ [1]

**(b)** Sa tábla thíos, ticeáil (✓) foirmle **amháin** a mbeifeá ag dúil lena fáil i gcill H4.

| **Foirmle** | **Ticeáil (✓)** |
|---|---|
| D4-G4-F4 | |
| E4+F4-G4 | |
| E4-F4-G4 | |

[1]

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
|---|---|
| | |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(c)** Gearrtar árachas mar a thaispeántar thíos:

| **Líon Daoine** | **Costas** |
|---|---|
| Suas le 20 duine | £5.00 |
| Níos mó ná 20 duine | £1.00 an duine |

Sa tábla thíos, ticeáil (✓) **dhá** fhoirmle a thabharfadh an toradh ceart i gcill G2.

| **Foirmle** | **Ticeáil (✓)** |
|---|---|
| If(D2<=20,5,D2*1) | |
| If(D2>20,D2*1,5) | |
| If(D2<=20,D2*1,5) | |
| If(D2>20,5,D2*1) | |

[2]

**(d)** Cad é mar is féidir cill C9 a úsáid le cuidiú le brabús a thuar?

______________________________________________

______________________________________________ [2]


**(e)** Scrúdaigh colún an Bhrabúis. Cad é an chomhairle a thabharfá d'Anna faoi gach rang atá á reáchtáil aici?

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(f)** Cé acu **trí** raon cille ar baineadh úsáid astu leis an ghraf atá á thaispeáint a chruthú?




______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [3]

**(g)** Ba mhaith le hAnna an graf a chruthú ag úsáid macra.

**(i)** Cad é an rud é macra?

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(ii)** Cuir síos ar an dóigh a gcruthaítear macra i scarbhileog.

______________________________________________

______________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |
| Iomlán Cheist 2 | |
| | |

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

**(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**3** Oibríonn Eleanor do Bhanc NIGOLD. Ba mhaith leis an bhanc cuntais nua do mhic léinn a chur chun cinn.

**(a)** Ón liosta thíos, ticeáil (✓) **dhá** ráiteas ar buntáistí iad as baincéireacht ar líne a dhéanamh.

| **Ráiteas** | **Ticeáil (✓)** |
|---|---|
| Is féidir le fostaithe an bhainc a bheith ag obair ón bhaile | |
| Beidh foireann níos lú de dhíth i mbrainsí den bhanc | |
| Beidh laghdú ar fhorchostais amhail cíos ar fhoirgnimh | |
| Caithfear níos mó brainsí den bhanc a oscailt | |

[2]

**(b)** Iarradh ar Eleanor baincéireacht ar líne a mhíniú do mhic léinn nua atá ag tosú ar an ollscoil. Iarradh ort a cuid nótaí cainte a scríobh faoi na teidil seo a leanas.

- Buntáistí as baincéireacht ar líne do chustaiméirí
- Tábhacht na suíomhanna slána gréasáin
- Criptiú

Scríobh na nótaí cainte sa spás a chuirtear ar fáil chuige.

Buntáistí as baincéireacht ar líne do chustaiméirí:

Tábhacht na suíomhanna slána gréasáin:

Criptiú:

[6]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |
| Iomlán Cheist 3 | |
| | |

[Tiontaigh an leathanach

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**4** Ceadaíonn Coláiste an Iarthair do dhaltaí ó scoil eile staidéar a dhéanamh ar TFC (*ICT*) GCSE. Baineann na daltaí seo úsáid as Timpeallacht Fhíorúil Foghlama (TFF) (*VLE*) agus as físchomhdháil lena gcuid staidéar a dhéanamh.

**(a)** Seachas ábhair a uaslódáil agus a íoslódáil, mínigh **dhá** ghné eile den TFF (*VLE*) a d'fhéadfaí a úsáid le TFC (*ICT*) GCSE a theagasc.

1. ______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________ [4]

**(b)** Mínigh **dhá** mhíbhuntáiste do dhaltaí as an TFF (*VLE*) a úsáid le hiad a theagasc.

1. ______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________ [4]

(c) Agus físchomhdháil in úsáid ag an scoil, caithfidh siad cinnte a dhéanamh de go bhfuil bandaleithead go leor acu.

(i) Seachas ríomhaire, liostaigh **trí** phíosa trealaimh atá de dhíth le físchomhdháil a dhéanamh.

1. ______________________________

2. ______________________________

3. ______________________________ [3]

(ii) Cad é an rud é bandaleithead?

______________________________

______________________________ [2]

(iii) Cad é mar a thig le bandaleithead dul i bhfeidhm ar fhíschomhdháil?

______________________________

______________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |
| Iomlán Cheist 4 | |
| | |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**5** Tá comhlacht rathúil clódóireachta ag Seán. Tá imní air faoin lorg carbóin atá á chruthú ag a chomhlacht agus faoin tionchar a imríonn a chomhlacht ar an timpeallacht.

**(a)** Luaigh cad é an chiall atá le lorg carbóin agus luaigh **dhá** dhóigh a mbíonn tionchar aige ar an timpeallacht.

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

____________________________________________________________ [3]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b)** Tá sonraí faoina chomhlacht bailithe ag Seán. Seo thíos cuid de na sonraí.

Tá 40 ríomhaire líonraithe ann le monatóirí FGC (CRT) den tseandéanamh
Tá 18 bprintéir daite léasair d'ardcháilíocht ann a bhíonn lasctha air i gcónaí
Baineann an comhlacht úsáid as 2 mhilliún leathán páipéir gach bliain
Tá 15 seanríomhaire ag an chomhlacht nach n-oibríonn

Pléigh **trí** dhóigh a dtiocfadh le Seán cuidiú le lorg carbóin a chomhlachta a laghdú trí thagairt a dhéanamh don fhaisnéis atá curtha ar fáil thuas.

[6]

| Iomlán Cheist 5 | |
|---|---|
| | |

[Tiontaigh an leathanach

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**6** Ba mhaith le Ruth eagarthóireacht a dhéanamh ar phictiúir ar a ríomhaire. Tá na pacáistí bogearraí seo a leanas ar fáil ar a ríomhaire.

**(a)** Ón liosta thíos, ticeáil (✓) an pacáiste bogearraí is cuí le heagarthóireacht a dhéanamh ar phictiúir.

| **Pacáiste Bogearraí** | **Ticeáil (✓)** |
|---|---|
| Bogearraí Láithreoireachta | |
| Bogearraí Bunachar Sonraí | |
| Bogearraí Grafaicí | |
| Bogearraí Scarbhileoige | |

[1]

**(b)** Cuireann Ruth na pictiúir agus na comhaid eile chuig a cara Ahmed i bhfillteán zipeáilte. Ní thig leis an fillteán a oscailt.

**(i)** Luaigh fáth **amháin** nach mbeadh Ahmed ábalta an fillteán zipeáilte a oscailt.

______________________________

______________________________ [1]

**(ii)** Luaigh **dhá** bhuntáiste as rudaí a sheoladh trí ríomhphost san fhormáid seo.

1. ______________________________

2. ______________________________ [2]

**(c)** Sa tábla thíos tá na **trí** chineál dhifriúla de chomhad sonraí atá i bhfillteán Ruth. Cuir na hiarmhíreanna comhadainm seo a leanas JPEG, MPEG agus MP3 leis an chomhad sonraí cheart.

| **Comhad sonraí** | **Iarmhír comhadainm** |
|---|---|
| Comhaid cheoil | |
| Comhaid ghrafacha | |
| Físchomhaid | |

[3]

| Iomlán Cheist 6 | |
|---|---|
| | |

**7** Baintear úsáid as barrachóid go forleathan in ollmhargaí.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(a)** Seachas an digit seiceála luaigh **dhá** phíosa eile faisnéise atá stóráilte ar bharrachód.

1. ______________________________

2. ______________________________ [2]

**(b)** Tá RAAAAD (*EFTPOS*) curtha isteach ag mórchuid mhór na n-ollmhargaí. Na córais seo, déanann siad idirbhearta díolacháin a thaifeadadh agus ligeann siad do chustaiméirí íoc as na rudaí a cheannaíonn siad.

Cuir síos ar na comhpháirteanna ionchuir, próiseála agus aschuir i gcóras tipiciúil RAAAAD (*EFTPOS*) agus luaigh cad é mar a úsáidtear iad nuair a thagann custaiméir chuig an tseiceáil amach le rud éigin a cheannach.

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ [6]

| Iomlán Cheist 7 | |
|---|---|
| | |

[Tiontaigh an leathanach

**8** Tá méadú ag teacht ar líon na ndaoine a dhéanann siopadóireachta ar líne. Tá buntáistí ann don chustaiméir agus don chomhlacht araon.

Pléigh **trí** bhuntáiste do chomhlacht as suíomh gréasáin a úsáid le táirgí a dhíol.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

__________________________________________________________________ [6]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |
| Iomlán Cheist 8 | |
| | |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**9** **(a)** Tá Fístéipeanna Zen ag tógáil bunachar sonraí nua. Taispeánann an fhíor thíos struchtúr an tábla atá á chur i dtreoir ina bpacáiste bunachar sonraí. FÍSTÉIP an teideal atá ar an tábla.




| Ainm Réimse | Cineál Sonraí | Cur Síos |
|---|---|---|
| UimhirFístéipe | Uimhir | Uimhir Fístéipe – Réimse Príomhúil nó Eochair-réimse |
| TeidealFístéipe | | Teideal na fístéipe |
| Seánra | | Rangú na Fístéipe, m.sh. Greann, Cogadh srl. |
| Dáta Eisithe | | An dáta ar eisíodh an fhístéip |
| SaStoc | | An bhfuil an fhístéip sa stoc |

Sa tábla thíos cuir isteach cineálacha sonraí do na réimsí sa struchtúr tábla Fístéip. Tá an chéad cheann déanta duit.

| **Ainm Réimse** | **Cineál Sonraí** |
|---|---|
| UimhirFístéipe | Uimhir |
| TeidealFístéipe | |
| Seánra | |
| Dáta Eisithe | |
| SaStoc | |

[4]

**(b)** Ní mór roinnt sonraí a chur isteach i bhformáid áirithe. Cuir isteach na focail chearta ón liosta atá curtha ar fáil leis an abairt thíos a chomhlánú.

Cineál Sonraí

Seiceáil Faid

Masc Ionchuir

Teachtaireacht Earráide

Sonraíonn ____________ ____________ formáid na sonraí atá á gcur isteach. [1]

**[Tiontaigh an leathanach**

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

FÍSTÉIP


| Ainm Réimse | Cineál Sonraí | Cur Síos |
|---|---|---|
| UimhirFístéipe | Uimhir | Uimhir Fístéipe – Réimse Príomhúil nó Eochair-réimse |

San fhíor thuas, taispeántar an réimse UimhirFístéipe agus cuirtear síos air mar Réimse Príomhúil nó Eochair-réimse.

**(c)** Cad chuige a bhfuil Réimse Príomhúil nó Eochair-réimse riachtanach sa tábla Fístéip?

______________________________ [1]

Cruthaítear tábla iasachta fosta. Taispeánann an léaráid thíos an gaol idir na táblaí Iasacht agus Fístéip.




**(d)** Ón liosta thíos, ticeáil (✓) an gaol a thaispeántar idir na táblaí Fístéip agus Iasacht.

| **Cineál Gaoil** | **Ticeáil (✓)** |
|---|---|
| Aon le hAon | |
| Aon le Mórán | |
| Mórán le Mórán | |

[1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(e)** Táirgeann Fístéipeanna Zen an tuarascáil mhíosúil seo a leanas a thaispeánann cé acu de na baill a thug fístéipeanna ar ais agus an luach iomlán a bhí ar gach iasacht.

**TUARASCÁIL MHÍOSÚIL AR FHÍSTÉIPEANNA A TUGADH AR AIS**

| CÉAD AINM | SLOINNE | TEIDEAL | PRAGHAS | TUGTHA AR AIS |
|---|---|---|---|---|
| William | Black | | | |
| | | Ice Age | £2.50 | ☑ |
| | | | £2.50 | |
| Kalif | Omar | | | |
| | | The Matrix | £3.00 | ☑ |
| | | Perfect Storm | £3.00 | ☐ |
| | | Big Daddy | £3.00 | ☐ |
| | | | £9.00 | |
| Peter | Sergant | | | |
| | | Shrek | £3.50 | ☐ |
| | | Gladiator | £3.50 | ☑ |
| | | Forrest Gump | £3.50 | ☐ |
| | | | £10.50 | |
| Oisin | Dundas | | | |
| | | Da Vinci Code | £4.00 | ☑ |
| | | | £4.00 | |

**(i)** Agus an tuarascáil seo á déanamh, bhain Fístéipeanna Zen úsáid as draoi. Cad é is draoi ann?

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(ii)** Cuir ciorcal thart ar ghné **amháin** ar baineadh úsáid aisti leis an Tuarascáil Mhíosúil ar Fhístéipeanna a Tugadh Ar Ais a thaispeántar a eagrú.

**SÓRTÁIL ARDAITHEACH** **GRÚPA** **FOTHEIDEAL**

[1]

**(iii)** Tá tuarascáil cosúil leis seo de dhíth ar an úinéir ach níor mhaith leis a chur isteach ach na fístéipeanna a tugadh ar ais. Scríobh síos na critéir atá de dhíth leis na fístéipeanna sin a tugadh ar ais amháin a roghnú.

______________________________________________ [1]

Iomlán Cheist 9

**[Tiontaigh an leathanach**

**10 (a)** Sa tábla thíos, ticeáil (✓) an **dá** ráiteas atá fíor faoi ghléasanna digiteacha.

| Ráiteas | Ticeáil (✓) |
|---|---|
| Laghdaíonn úsáid AMO (*OMR*) earráidí iontrála | |
| Beidh níos mó scileanna TFC (*ICT*) de dhíth le scáileán tadhaill a úsáid ná le méarchlár a úsáid | |
| Ní thig le ceamaraí digiteacha nua-aoiseacha gearrthóga físe gairide a thaifeadadh | |
| Nuair a scantar íomhá le scanóir, déantar a cáilíocht a thomhas i bponcanna san orlach | |

[2]

**(b)** Úsáid na focail a thaispeántar thíos leis na habairtí seo a leanas a chomhlánú. (Ní bhainfear úsáid as gach focal).

| Printéirí tuinseamhacha | Scairdphrintéirí | Printéirí léasair | Breacairí |
|---|---|---|---|

Is é an buntáiste a bhaineann le ____________________ a úsáid ná gur féidir le gnólachtaí léaráidí mionsonraithe d'ardcháilíocht a chruthú. Tá ____________________ níos fóirsteanaí le méideanna móra sonraí a phriontáil. Is é atá sna ____________________ ná cnoga printéara a bhfuil soic ann.

[3]

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
|---|---|

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(c)** Tá Ciarán ag foghlaim faoin chuimhne ina ríomhaire.

**(i)** Liostaigh **dhá** aonad a úsáidtear le toilleadh cuimhne i ríomhaire a thomhas.

1. ______________________________

2. ______________________________ [2]

**(ii)** Tá CRR (*RAM*) i ríomhaire Chiaráin. Luaigh gné **amháin** de CRR (*RAM*).

______________________________ [1]

**(d)** Tá 20 scannán dar fad ama 1 uair an chloig nó níos mó stóráilte ag Ciarán ar thiomántán crua a ríomhaire. Tá gléas de dhíth air a chuirfidh ar a chumas dó na comhaid seo a chúltacú.

Mol gléas fóirsteanach cúltaca agus luaigh buntáiste **amháin** a bhaineann leis an ghléas seo a úsáid.

______________________________

______________________________ [2]

**(e)** Baineann Ciarán úsáid as gléasanna móibíleacha cumarsáide.

Sa tábla thíos, cuir isteach an teicneolaíocht gléasanna gan sreang is fóirsteanaí le gach ceann de na tascanna seo a leanas a dhéanamh. Bain úsáid as teicneolaíocht gléasanna gan sreang dhifriúil do gach freagra.

| **Tasc** | **Teicneolaíocht atá de dhíth** |
|---|---|
| Ríomhaire glúine a cheangal de ródaire | |
| Nasc a dhéanamh le guthán póca eile le sonraí a aistriú | |
| Úsáid a bhaint as guthán póca leis an Idirlíon a rochtain nuair nach mbíonn DGS (*Wi-Fi*) ar fáil | |

[3]

Iomlán Cheist 10

**[Tiontaigh an leathanach**

| Scrúdaitheoir Amháin | |
| --- | --- |
| Marcanna | Athmharc |

**11** Ba mhaith le Sinéad ríomhphost a chur chuig an mhúinteoir TFC (*ICT*) aici.


Tá litir déanta ar an phróiseálaí focal aici agus ba mhaith léi í a chur chuig an mhúinteoir mar chuid den ríomhphost.

**(a)** Luaigh an bealach is cuí do Shinéad an litir seo a chur isteach mar chuid dá ríomhphost.

______________________________________________

______________________________________________ [1]

Sula gcuireann sí an ríomhphost, roghnaíonn Sinéad na roghanna teachtaireachta seo a leanas.




**(b)** Roghnaíonn sí Ard-Tábhacht (*High Importance*). Cad é mar a rachaidh sé seo i bhfeidhm ar an dóigh a bhfeicfear an ríomhphost i mbosca isteach a múinteora?

______________________________________________

______________________________________________ [1]

**(c)** Mínigh an dóigh a bhfuil "admháil léite" ("*read receipt*") difriúil le "admháil seachadta" ("*delivery receipt*").

[2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
| --- | --- |
| Marcanna | Athmharc |
| Iomlán Cheist 11 | |

[Tiontaigh an leathanach

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**12** Tá rang Pheadair ag obair ar thionscadal a bhaineann le Teicneolaíocht agus Dearadh.

Mar chuid den tionscadal caithfidh siad cairtín a dhearadh a dtig leis na daltaí i ranganna eile é a dhéanamh ansin. Baineann siad úsáid as an Idirlíon le taighde a dhéanamh ar smaointe faoi choinne a gcuid dearaí.

Baineann scoileanna úsáid as scagairí le rochtain na ndaltaí ar an Idirlíon a theorannú.

**(a)** Cad é mar is féidir le húsáid scagairí cuidiú leis na suíomhanna gréasáin ar an Idirlíon a theorannú a bhfuil rochtain ag daltaí orthu?

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

Nuair a chomhlánaíonn daltaí a gcuid taighde, foghlaimíonn siad faoi dhearadh táirgí ag baint úsáid as bogearraí FRC (*CAL*).

**(b)** Mínigh an giorrúchán FRC (*CAL*).

______________________________________________ [1]

**(c)** Luaigh **dhá** bhuntáiste do na daltaí as FRC (*CAL*) a úsáid.

1. ______________________________________________

2. ______________________________________________ [2]

Cinneann an scoil ar chuidiú a fháil ó shaineolaí sa dearadh. Bainfidh an rang úsáid as PIG (*VoIP*) le cumarsáid a dhéanamh leis an tsaineolaí.

**(d)** Pléigh PIG (*VoIP*) faoi na ceannteidil seo a leanas:

- An teicneolaíocht atá de dhíth le PIG (*VoIP*) a úsáid.
- An costas a bhaineann le PIG (*VoIP*) a úsáid.
- Míbhuntáiste amháin a bhaineann le PIG (*VoIP*) a úsáid.

[6]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |
| Iomlán Cheist 12 | |
| | |

**13** Baineann an chuid is mó de na bailte agus na cathracha gnóthacha úsáid as córais ríomhaireachta le cuidiú leis an trácht a rialú.

**(a)** Comhlánaigh an léaráid seo a leanas trí na focail atá liostaithe thíos a úsáid le míniú a thabhairt ar an dóigh a gcuideodh ríomhairí le trácht a bhainistiú i mbaile gnóthach. (Ní bhainfear úsáid as na focail uilig).

| | | |
|---|---|---|
| **Luas** | **Brú** | **Ceamaraí** |
| **Taise** | **Carranna** | **Solas** |

Córas Rialaithe Tráchta

| | |
|---|---|
| Baintear úsáid as braiteoir ___________ le líon na gcarranna a chomhaireamh agus leis na soilse a athrú ag acomhal gnóthach. | Is féidir le braiteoirí gluaisne ceangailte de ___________ carranna a bhrath agus iad ag gluaiseacht ar ___________ ard ionas gur féidir fíneálacha a eisiúint. |

[3]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

**(b)** Comhlánaigh an tábla thíos, a thaispeánann an dóigh a ndéanann córais ríomhrialaithe bainistíocht ar spásanna páirceála i gcarrchlóis bhaile, trí cé acu an sampla d'Ionchur/de Phróiseas/d'Aschur/d'Aiseolas é gach gníomh a lua.

Ní féidir gach rogha a úsáid ach aon uair amháin. Tá an chéad sampla comhlánaithe duit.

| **Gníomh** | **Ionchur/Próiseas/Aschur/Aiseolas** |
|---|---|
| Cláraíonn braiteoirí na carranna de réir mar a thagann siad isteach agus mar a fhágann siad an carrchlós | Ionchur |
| Nuair a thagann carr isteach sa charrchlós priontáiltear ticéad ar a bhfuil mionsonraí den dáta agus den am iontrála | |
| Ríomhtar líon iomlán na gcarranna sa charrchlós agus cuirtear é sin i gcomparáid le líon na spásanna atá ar fáil | |
| Mura bhfuil níos mó spásanna ar fáil ní ardóidh bacainn an charrchlóis don chéad charr eile | |

[3]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |
| Iomlán Cheist 13 | |
| | |

**14** Tá cluiche ríomhaire spás-ionróirí á chruthú ag Morgan mar chuid den mheasúnú rialaithe GCSE aige.

Caithfidh aiseolas don úsáideoir a bheith sa chluiche aige.

**(a)** Cuir tic (✓) faoi **dhá** shampla den aiseolas a úsáidtear nuair atáthar ag imirt cluichí ríomhaire.

| | Liosta treoracha sa chóras cabhrach | Taispeántas den líon beathaí atá fágtha | Roghanna deacrachta a roghnú ag tús an chluiche | Cnaipí Cabhrach agus Sosa ar fáil ar an scáileán | Seinntear fuaimeanna nuair a scriostar spáslong choimhthíoch |
|---|---|---|---|---|---|
| Ticeáil (✓) | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |

[2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

Caithfidh Morgan Áis Chabhrach a chruthú mar chuid dá chluiche ríomhaire ach níl sé cinnte faoi cad é ba chóir a bheith istigh ann.

**(b)** Sainaithin **dhá** phíosa faisnéise ba chóir a bheith in Áis Chabhrach.

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________ [2]

Cuid de na grafaicí a chuir Morgan isteach ina chluiche, is i bhformáid ghiotánmhapach iad.

**(c)** Tabhair **dhá** chúis le nach mbeadh sé seo ina fhormáid chuí do ghrafaicí a úsáidtear i gcluiche ríomhaire.

1. ________________________________________

________________________________________

2. ________________________________________

________________________________________ [2]

**(d)** Iarrann Morgan ar a chara a chluiche comhlánaithe a thástáil. Ba mhaith leis a bheith cinnte go n-oibríonn a chóras scórála agus a chóras nascleanúna i gceart. Mínigh go mion an dóigh a ndéanfadh cara Morgan tástáil ar gach ceann de na codanna seo de chluiche ríomhaire.

An córas scórála a thástáil:

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

An córas nascleanúna a thástáil:

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________ [6]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |
| Iomlán Cheist 14 | |
| | |

[Tiontaigh an leathanach

**15** Baineann Rosa úsáid as bunachar sonraí le roinnt mionsonraí a stóráil faoi na tuismitheoirí a bhfuil sí ina feighlí leanaí dóibh. Baineann sí úsáid as fíorú agus bailíochtú sonraí lena chinntiú gur cruinn iad na sonraí atá á n-iontráil aici.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(a)** Sa tábla thíos, cuir tic (✓) taobh le **dhá** ráiteas atá fíor maidir le fíorú sonraí.

| Ráiteas | Ticeáil (✓) |
|---|---|
| Cuidíonn na seiceálacha seo lena chinntiú go bhfuil sonraí i gcónaí suas chun dáta | |
| Is féidir go mbainfidh na seiceálacha seo le sonraí a bheith á n-iontráil sa chóras faoi dhó | |
| Ní bhaintear úsáid as na seiceálacha seo ach amháin nuair a bhíonn pasfhocail á n-athrú ar ríomhaire | |
| Cinntíonn na seiceálacha seo aistriú cruinn sonraí ón doiciméad fhoinseach | |

[2]

**(b)** Cén cineál seiceáil bhailíochtaithe a mbainfeadh Rosa úsáid aisti lena chinntiú go gclóscríobhann sí uimhir ghutháin an tuismitheora isteach sa bhunachar sonraí aici i gcónaí?

_______________________________________________ [1]

**(c)** Ní bhíonn Rosa ina fheighlí leanaí ach le páistí atá aon bhliain d'aois nó níos sine agus atá faoi bhun deich mbliana d'aois. Scríobh riail bhailíochtaithe a dtiocfadh le Rosa í a úsáid lena chinntiú go ndéantar aoiseanna na bpáistí a iontráil mar is ceart sa bhunachar sonraí.

_______________________________________________

_______________________________________________ [3]

| Iomlán Cheist 15 | |
|---|---|
| | |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**16** Tá Iarsmalann Fran ag cur tionscadal staire i gcrích.

**(a)** Tugann bainisteoir Fran cóip phriontáilte de sheandoiciméad di. Ba mhaith léi é seo a chur isteach sa tionscadal. Sainaithin dóigh **amháin** a dtiocfadh le Fran an doiciméad priontáilte a thiontú ina fhormáid dhigiteach.

______________________________________________ [1]

**(b)** Cuireann a bainisteoir i gcuimhne di a thábhachtaí atá sé tagairtí a thabhairt dá foinsí faisnéise.

**(i)** Cén dlí a sháróidh sí mura dtugann sí tagairtí dá foinsí?

______________________________________________ [1]

**(ii)** Tá sonraí bailithe ag Fran ó chuairteoirí a bhíonn ag teacht chun na hiarsmalainne. Caithfidh sí na sonraí a stóráil de réir an tAcht um Chosaint Sonraí. Liostaigh **trí** phrionsabal den acht seo.

1. ______________________________________________

2. ______________________________________________

3. ______________________________________________ [3]

**(iii)** Caithfidh Fran scríobh chuig an Choimisinéir Faisnéise thar ceann na hiarsmalainne. Cad é a dhéanann an Coimisinéir Faisnéise?

______________________________________________

______________________________________________ [1]

**(iv)** Ceapann an Iarsmalann Fran mar Rialaitheoir Sonraí. Luaigh cad é an fhreagracht a bheidh uirthi.

______________________________________________

______________________________________________ [1]

[Tiontaigh an leathanach

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(c)** Tá víreas i ndiaidh cur isteach ar ríomhaire Fran. Cén dlí atá sáraithe ag an duine a chruthaigh an víreas?

_______________________________________________ [1]

Bhain Fran úsáid as a ceamara digiteach le roinnt grianghraf a ghlacadh. Anois, beidh uirthi iad seo a aistriú chuig a ríomhaire. Nascann sí an ceamara leis an ríomhaire ag úsáid an chábla atá ar taispeáint thíos.



© *iStock / Thinkstock*

______________________ [1] ______________________ [1]

**(d)** Lipéadaigh an léaráid thuas lena thaispeáint cé acu foirceann den chábla a mbeidh ar Fran é a phlugáil isteach sa ríomhaire agus cé acu foirceann a bheidh ceangailte den cheamara.

Tá sliotán breise ar thaobh cheamara digiteach Fran agus níl Fran cinnte cad é is feidhm leis.




© CCEA

(e) Cuir ciorcal thart ar an fhreagra cheart ón liosta thíos lena thaispeáint do Fran cad é is feidhm leis an sliotán seo.

**Peann Cuimhne BUS (*USB*)** **Cárta Cuimhne DS (*SD*)** **Cadhnra**

[1]

(f) Ba mhaith le Fran cuid dá grianghraif a úsáid ar shuíomh gréasáin na hiarsmalainne. Liostaigh **dhá** phointe ar cóir do Fran machnamh a dhéanamh orthu agus í ag measúnú oiriúnacht gach íomhá don chuspóir seo.

1. ______________________________

______________________________ [1]

2. ______________________________

______________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |
| Iomlán Cheist 16 | |
| | |

**[Tiontaigh an leathanach**

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**17** Bíonn Leictreachas Aontaithe ag léamh mhéadair na gcustaiméirí gach trí mhí leis na billí a tháirgeadh. Déantar iad seo a stóráil i gcomhad idirbheartaíochta.

**(a)** Cad é is comhad idirbheartaíochta ann?

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(b)** Táirgtear billí do na custaiméirí go léir ag an am chéanna.

**(i)** Cén cineál próiseála a úsáidtear leis na billí leictreachais a tháirgeadh?

______________________________________________ [1]

**(ii)** Tabhair **dhá** chúis a bhfuil an cineál próiseála seo fóirsteanach le billí leictreachais a tháirgeadh.

1. ______________________________________________

2. ______________________________________________ [2]

**(c)** Seo thíos tacar sonraí custaiméara ón chomhad idirbheartaíochta.

| **Uimhir Custaiméara** | **Léamh Reatha** |
|---|---|
| 1245 | 1000 |
| 1267 | 2000 |
| 1288 | 3000 |
| 1291 | 1500 |

**(i)** Mínigh cad é mar a úsáidtear an comhad idirbheartaíochta le billí na gcustaiméirí a chruthú.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

(ii) Cad é ról an mháistirchomhaid i dtáirgeadh na mbillí leictreachais?

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(d)** Tá líonra ríomhairí ag Leictreachas Aontaithe. Sa tábla thíos, ticeáil (✓) **3** ráiteas atá ceart maidir le líonraí.

| **Ráiteas** | **Ticeáil (✓)** |
|---|---|
| Is féidir le húsáideoirí comhaid a roinnt ar líonra agus is féidir leo logáil isteach ag ríomhaire ar bith lena gcuid oibre a rochtain | |
| Stórálann an freastalaí comhad sonraí an úsáideora agus is é an ríomhaire is lú cumhacht ar an líonra é | |
| Roinneann ródaire nasc líonra idir gléasanna agus is féidir leis a bheith gan sreang | |
| Má chuirtear balla dóiteáin isteach, laghdaíonn sé sin slándáil an líonra | |
| Má thugtar leibhéil dhifriúla rochtana do dhaoine, feabhsaíonn sé sin slándáil ar líonra | |
| Is féidir le húsáideoirí forimeallaigh a roinnt ach ní féidir leo cumarsáid a dhéanamh le húsáideoirí eile ar an líonra | |

[3]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

[Tiontaigh an leathanach

**(e)** Tá an bainisteoir TF (*IT*) freagrach as slándáil an líonra. Comhlánaigh an tábla thíos trí **dhá** shampla eile a thabhairt de rudaí a chuireann an líonra i gcontúirt agus ansin luaigh an dóigh a dtig leis an bhainisteoir TF (*IT*) an líonra a chosaint. Tá sampla amháin comhlánaithe duit.

| **Contúirt** | **Cén dóigh a dtig leis an bhainisteoir an líonra a chosaint?** |
|---|---|
| Ionsaí víris | Bogearraí Frithvíreas a shuiteáil agus iad a nuashonrú go rialta |
| [1] | [1] |
| [1] | [1] |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |
| Iomlán Cheist 17 | |
| | |

**18** Bain úsáid as na téarmaí sa liosta thíos leis an téarma **amháin** a roghnú is fearr a théann leis an tsainmhíniú sa cholún ar thaobh na láimhe clé (ní bhainfear úsáid as gach téarma).

| | | | |
|---|---|---|---|
| **SLÁINE** | **FAISNÉIS** | **BAILÍOCHTÚ** | **R-THRÁCHTÁIL** |
| **POSTCHUMASC** | **TAISCE** | **IOMARCAÍOCHT** | **GAS (*RSI*)** |
| **CRR (*RAM*)** | **BLU-RAY** | **PICTEILÍN** | **CIA (*ROM*)** |
| **DDIA (*CD-RW*)** | **MAPA GIOTÁN** | **CRIPTIÚ** | **PAHT (*HTTP*)** |

| **Sainmhíniú** | **Téarma** |
|---|---|
| Sonraí a chur isteach arís gan ghá i mbunachar sonraí | |
| Litreacha caighdeánacha a chruthú do roinnt daoine agus a gcuid sonraí a ghlacadh ó bhunachar sonraí | |
| Beachtas, iontaofacht agus cruinneas na sonraí i mbunachar sonraí | |
| Diosca optúil le toilleadh stórála mór go leor le scannán AD (*HD*) a choinneáil | |
| An limistéar is lú ar féidir eagarthóireacht a dhéanamh air ar ghrafaic | |
| Cineál cuimhne inmheánach atá neamhluaineach | |
| Riosca sláinte agus sábháilteachta a tharlaíonn de dheasca barraíocht úsáide a bhaint as ríomhaire | |
| Siopadóireacht agus idirbhearta gnó a dhéanamh ar líne | |
| Prótacal a úsáidtear le leathanaigh ghréasáin a chur agus a fháil | |
| Sonraí a ndearnadh próiseáil orthu agus ar tugadh brí dóibh | |

[10]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| Iomlán Cheist 18 | |

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| 11 | |
| 12 | |
| 13 | |
| 14 | |
| 15 | |
| 16 | |
| 17 | |
| 18 | |
| **Marc Iomlán** | |

**Uimhir Scrúdaitheora**

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

178012